

TOBAR BEANNUIGHTHE

Tá tobar beannuighthe i nDruim Snámha a dtugann siad Tobar Éanna air. Bhíodh daoine a' tabhairt turais annsin go tréan sa tsean-reacht. In aimsir Chaiptín Bláca ní raibh mórán daoine nár iompuigh ina jumper. Bhí dhá bhreac ins a' tobar. Thug ceann de na jumpers leis ceann de an bric agus chuir sé ar an tlú dá róstadh é. D'éirigh an breac den tlú nuair a theangbhuigh an teine leis agus fuaidh sé sa tobar aríst. Bhí lorg an tlú dóite ina dhá spota ar a leath-taobh. Níl fear nó bean a théigheadh a' théigheadh a tabhairt turais ag an tobar nach dtagadh an breac ina bhfiadhnaís. D'iompuigheadh sé é féin ar leath-tú le spaint dóibh cén róstadh a fuair sé.

D'imthigh an breac faoi cheann bliana. Níor facthas ó shoin é. Dheamhan bréag ann. D'imthigh na jumpers agus leághadar amach fré chéile.

14/11/33